# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Scéim Mharcála
# Ríomheolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltaí ar úsáid scéimeanna marcála foilsithe**

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí marcála obair daltaí agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh.

Is dréachtdhoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas i bhfianaise réimse iomlán fhreagraí na n-iarrthóirí, leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus an gá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim dheiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir.

I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D’fhéadfadh sé go mbeadh malairtí leagain agus leaganacha difriúla inghlactha. Ní mór do cheartaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena gCeartaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

**Scéimeanna Marcála sa Todhchaí**

Ba chóir aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart a sheachaint. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhcheartaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

## Scéim Mharcála - Roinn C

**Struchtúr na scéime marcála do Roinn C (Clárú)**

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. Roinneann scálaí lipéadaithe A freagraí iarrthóirí ina gceithre chatagóir (freagra ceart, freagra beagnach ceart, freagairt ceart i bpáirt, agus freagra gan fiúntas suntasach), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| | |
|---|---|
| Lipéad Scála | A |
| Líon na gcatagóirí | 4 |
| Scála 5 mharc | 0, 2, 3, 5 |
| Scála 10 marc | 0, 3, 7, 10 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil
Scálaí A (4 chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 30 marc |
|---|---|---|

Freagair sé cheist ar bith.

**Ceist 1** **5 Mharc**

| ráiteas `print` | Toradh |
|---|---|
| `print(a+b)` | **6** |
| `print(b-a)` | **2** |
| `print(a*b)` | **8** |
| `print(a/b)` | **0.5** |
| `print(a==b)` | **BRÉAGACH** |

Gach mír cheart 1 mharc

Nóta: **Ní** freagra ceart é $\frac{1}{2}$ le haghaidh `print(a/b)`

**Ceist 2** **5 mharc**

- **Pátrúin tráchta a aithint.**
- **Cuidiú leis an sruth tráchta a fheabhsú ag an acomhail.**
- **Agaí soilse tráchta a athrú ag amanna éagsúla den lá.**
- **Faisnéis a fháil maidir le modhanna éagsúla iompair atá á n-úsáid.**
- **Am a shábháil do dhaoine, stop a chur le moilleanna**

Dhá cheann ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo:
An Chéad Cheann Ceart:
Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe 3 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

An Dara Ceann Ceart:
Míniú an-mhaith – tuiscint shoiléir léirithe 2 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

**Ceist 3** **3 + 2 mharc**

**(a)**

- **Chun athruithe an LED a fheiceáil agús é á chasadh air nó as**
- **Rithfidh an cód róthapa chun LEDanna a fheiceáil gan na sosanna**
- **Chun seiceáil má oibríonn an cód i gceart**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

| | |
|---|---|
| Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**(b)** Déan cur síos ar chuma na LEDanna nuair a chríochnaíonn ríomhchlár.

- **Tá an LED dearg casta air, tá an LED buí agus an LED glas casta as**

| | |
|---|---|
| Ag cur síos go cruinn ar chuma gach ceann den 3 LED | 2 mharc |
| Ag cur síos go cruinn ar chuma 1 LED nó 2 ach ní ar na 3 cinn acu | 1 mharc |

**Ceist 4** **5 mharc**

- **Máthairchlár -> Is clár ciorcad é seo a gceanglaíonn na comhpháirteanna eile leis.**
- **Lárionad próiseála (CPU) -> Bíonn an tAonad rialúcháin agus an tAonad Loighce agus Uimhríochta ann. Déanann an CPU na ríomhanna ar fad agus próiseálann sé na treoracha a thagann chuige.**
- **Gaothrán -> Á úsáid chun an ríomhaire a choimeád fuaraithe chun damáiste a sheachaint.**
- **Cuimhne -> Bíonn sonraí agus feidhmchláir ann agus an ríomhaire ag rith.**
  **Tá sé déanta de RAM (Cuimhne Randamrochtana) ar chuimhne próiseála é agus a nglantar nuair a chastar an ríomhaire as, agus ROM (Cuimhne Inléite Amháin) a bhfuil treoracha tábhachtacha ann chun an ríomhaire a thosú (a 'bhútáil').**
- **Tiomántán crua -> Úsáidtear an comhpháirt seo chun sonraí agus ríomhchláir an ríomhaire a stóráil. Toisc go bhfuil sé neamhluaineach ní chailltear a inneachar nuair a mhúchtar an ríomhaire.**
- **Físchárta -> Feabhsaíonn sé caighdeán an fhíseáin agus na ngrafaicí ar an ríomhaire nó ar an ngléas.**

Marcáiltear an dá fhreagra is fearr as 2 agus an tríú freagra is fearr as 1 mar a leanas:

An chéad agus dara ceann ceart:

| | |
|---|---|
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 2 mharc an ceann |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc an ceann |

An tríú cheann ceart:

| | |
|---|---|
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 1 mharc an ceann |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc an ceann |

**Ceist 5** **2 + 3 mharc**

**(a)**

- **3**

Freagra ceart 2 mharc

**(b)**

- **Ní modh éifeachtúil cuardaithe é.**
- **Má tá an tacar sonraí mór, glacfar tréimhse fada chun an cuardach a chríochnú.**
- **Aimseofar an chéad uimhir fiú má tá an uimhir ann níos minice ná uair amháin.**

Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe 3 mharc
Cur síos measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

**Ceist 6** **3 + 2 mharc**

**(a)**

- **Tomhas < Uimhir (Níos ísle ná)**
- **Uimhir níos airde ná Tomhas (Níos airde ná)**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Treoir an-soiléir – úsáidtear focail chearta nó siombailí cearta agus tá an loighic i gceart ann 3 mharc

Treoir mheasartha – smaoineamh ceart ach botún beag déanta le siombailí nó leis an loighic 1 mharc

**(b)**

- **Dara deis a thabhairt don úsáideoir tomhas a dhéanamh.**
- **Seiceáil earráide a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an tomhas idir 1 agus 10.**
- **An freagra ceart a léiriú ag an deireadh.**
- **Cuir ceist ar an úsáideoir maidir leis an gcluiche a imirt arís.**
- **Aon fheabhas lena ngabhann fiúntas.**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Ceart 2 mharc

**Ceist 7** **5 mharc**

- **Ada Lovelace -> Measadh gurbh ise an chéad ríomhchláraitheoir riamh. Scríobh agus d'fhoilsigh sí an chéad algartam.**
- **Dame Mary Cartwright -> An t-aon bhean a bhí ina huachtarán ar an London Mathematical Society. Duine de na chéad daoine a rinne staidéar ar Theoiric an Anoird**
- **Katherine Johnson -> Matamaiticeoir a d'oibrigh le haghaidh NASA. Rinne sí ríomhanna casta don rannóg innealtóireachta.**
- **Margaret Hamilton -> Measadh gur duine de na chéad ríomhchláraitheoirí í. Chuir sí leis an ríomhchlár a n-úsáidfí ar spásárthach de chuid Apollo.**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra bailí eile:

Ainm bean a chuir le réimse na ríomheolaíochta 2 Mharc

Cur síos ar an bhforbairt:

Cur síos an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe 3 mharc
Cur síos measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

---

**Ceist 8** **3 + 2 mharc**

**(a)**

- **Aip Rianaithe COVID**
- **Físchomhráite ar Líne.**
- **Siamsaíocht ar líne.**
- **Teagmháil a dhéanamh le daoine eile.**
- **Faisnéis a fháil maidir le fanacht ar an eolas.**
- **Obair agus scoil ar líne.**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Cur síos an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe 3 mharc
Cur síos measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

**(b)**

- **Is acmhainn do dhaoine áirithe rochtain a fháil ar an teicneolaíocht agus ní acmhainn do dhaoine eile an rochtain sin a fháil.**
- **Is féidir go bhfágfaí na daoine nach acmhainn dóibh nó nach féidir leo rochtain a fháil ar an teicneolaíocht ar leataobh nuair atá níos nó á dhéanamh ar líne.**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe 2 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

---

**Ceist 9** **3 + 2 mharc**

**(a)**

- **A Ceathair**
- **9.5**
- **10/10**
- **5 nó 6**

Gach Mír Cheart 1 mharc

**(b)**

- **Úsáid roghchlár anuas ionas nach féidir ach uimhreacha a phiocadh.**
- **Úsáid eochaircheap a bhfuil na huimhreacha 1 – 10 air**
- **Léirigh teachtaireacht earráide má chuireann an t-úsáideoir isteach scór neamhbhailí**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Míniú maith – cur síos déanta ar fheabhas soiléir 2 mharc
Míniú measartha – feabhas luaite ach gan cur síos air 1 mharc

**Ceist 10** **3 + 2 mharc**

**(a)**

| **Ainm** | **Comhpháirt** (scríobh an litir) |
|---|---|
| Trasraitheoir | **C** |
| Toilleoir | **A** |
| Friotóir | **B** |

Gach Mír Cheart 1 mharc

**(b)**

- **Trasraitheoir -> Úsáidtear é chun sruth agus voltas a rialú i gciorcad.**
- **Toilleoir -> Úsáidtear é chun lucht leictreach a stóráil**
- **Friotóir -> Úsáidtear é chun sreabhadh an tsrutha a mhoilliú i gciorcad.**

Ceann amháin díobh seo thuas nó freagra atá cosúil leo:

Míniú maith – tuiscint shoiléir léirithe 2 mharc
Míniú measartha - tuiscint theoranta 1 mharc

**Ceist 11** **5 mharc**

| IONCHUR | | ASCHUR |
|---|---|---|
| **A** | **B** | **A AND B** |
| 0 | 0 | **0** |
| 0 | 1 | **0** |
| 1 | 0 | **0** |
| 1 | 1 | **1** |

Freagra ceart iomlán 5 mharc
Gach Mír Cheart 1 mharc

**Ceist 12** **3+2 mharc**

**(a)**

- **7**

Freagra ceart 3 mharc
Iarracht ar obair lena ngabhann fiúntas 1 mharc

**(b)**

- **1**

Freagra ceart 2 mharc
Iarracht ar obair lena ngabhann fiúntas 1 mharc

| Roinn B | Ceisteanna Fada | 30 marc |
|---|---|---|

**Ceist 13** **30 (12, 8, 10) marc**

**(a)** **12 (4, 8) Mharc**

**(i)** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| **1 (an ceann is lú)** | **Giotán** |
| **2** | **Cilibheart** |
| **3** | **Gigibheart** |
| **4 (an ceann is mó)** | **Teiribheart** |

Gach mír cheart 1 mharc

**(ii)** **8 marc**

- **20:59**

Gach digit ceart 2 mharc
Obair lena ngabhann fiúntas le haghaidh digite 1 mharc

**(b)** **8 (4,4) marc**

**(i)** **4 mharc**

- **Fíor**
- **Bréagach**
- **Fíor**
- **Fíor**

Gach freagra ceart 1 mharc

**(ii)** **4 mharc**

- **128 carachtar breise**

Luach ceart 4 mharc
Obair lena ngabhann fiúntas 2 mharc

**(c)** **10 (5,5) marc**

**(i)** **5 mharc**

- **Coinnítear stóras príomhúil taobh istigh den ghléas (RAM agus ROM). De ghnáth cuirtear 'cuimhne inmheánach' air. Is féidir stóras tánaisteach a cheangail le USB, tiomántán chrua an ghléis.**
- **Is féidir le stóras príomhúil a bheith luaineach agus neamhluaineach. Bíonn stóras tánaisteach i gcónaí neamhluaineach.**
- **Bíonn agaí rochtana níos moille ag stóras tánaisteach ná stóras príomhúil .**
- **De ghnáth bíonn stóras príomhúil níos costasaí ná stóras tánaisteach.**

Dhá cheann ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo:

An Chéad Cheann Ceart:
Míniú maith – tuiscint shoiléir ar an difríocht 3 mharc
Míniú measartha – tuiscint theoranta ar an difríocht 1 mharc

An Dara Ceann Ceart:
Míniú maith – tuiscint shoiléir ar an difríocht 2 mharc
Míniú measartha – tuiscint theoranta ar an difríocht 1 mharc

**(ii)** **5 mharc**

- **Is féidir le Tiomántáin Soladstaide oibriú níos tapúla ná Tiomántáin Diosca Chrua.**
- **Bíonn Tiomántáin Soladstaide níos éadroime ná Tiomántáin Diosca Chrua.**
- **Bíonn Tiomántáin Soladstaide níos lú ó thaobh toise de (úsáideann siad níos lú spáis).**
- **Bíonn Tiomántáin Diosca Chrua níos saoire ná Tiomántáin Soladstaide.**
- **Ní dhéanann Tiomántáin Soladstaide torann ach is féidir le Tiomántáin Diosca Chrua roinnt torann a chruthú.**

Marcáiltear an freagra is fearr as 3 agus an dara freagra is fearr as 2 mar a leanas:

An Chéad Cheann Ceart:
Míniú maith – tuiscint shoiléir ar an difríocht 3 mharc
Míniú measartha – tuiscint theoranta ar an difríocht 1 mharc

An Dara Ceann Ceart:
Míniú maith – tuiscint shoiléir ar an difríocht 2 mharc
Míniú measartha – tuiscint theoranta ar an difríocht 1 Mharc

**Ceist 14** **30 (8, 12, 10) marc**

**(a)** **8 (4, 4) marc**

**(i)** **4 mharc**

- **Tá 700 scoláire sa scoil**
- **Tá 120 scoláire sa 6ú bliain**
- **Is scoil mheasctha í an scoil**
- **Is fireannaigh iad 40% de na scoláirí**
- **Is baineannaigh iad 60% de na scoláirí.**
- **Maireann an sos lóin ar feadh 1 uair an chloig**
- **Aon fhreagra bailí**

Gach ráiteas ceart 2 mharc

**(ii)** **4 (1, 3) mharc**

- Miondealú
    - Cur síos ar conas is féidir an fhadhb a bhriseadh síos i bpíosaí soláimhsithe.
- Aithint Patrún
    - Cur síos ar conas is féidir an fhadhb a aithint trí phátrúin agus conas is féidir seo a úsáid chun í a réiteach.
- Smaointeoireacht Algartamach
    - Cur síos ar conas is féidir an fhadhb a réiteach trí algartam a úsáid.
- Aon fhreagra bailí eile

| | |
|---|---|
| Teicníc ríomhaireachtúil mar atá thuas nó eile a aithint: | 1 mharc |
| Cur síos ar theicníc ríomhaireachtúil | |
| Cur síos maith – tuiscint shoiléir léirithe | 3 mharc |
| Cur síos measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**(b)** **12 (8, 4) Mharc**

**(i)** **8 marc**

- **Sloinne (Teaghrán)**
- **Bliainghrúpa (Slánuimhir)**
- **Siblín sa 6ú Bliain (Athróg Boole)**
- **Duillín cead sínithe (Athróg Boole)**
- **Ainm an Tuismitheora (Teaghrán)**
- **Líon Siblíní (Slánuimhir)**
- **Aon sonra eile atá ábhartha don fhadhb**

Aon athróg cruthaithe maidir leo sin thuas le hainm oiriúnach athróige.

| | |
|---|---|
| Gach ró láncheart | 2 mharc |
| Gach freagra ceart i bpáirt | 1 mharc |

**(ii)** **4 mharc**

Caithfidh an cás tástála na nithe a leanas a lua:

- **Ainm an duine**
- **Bliainghrúpa**
- **Cead**
- **Siblín (do dhuine nach bhfuil sa 6ú bliain)**

Paschás tástála:

| | |
|---|---|
| Tá na nithe ar fad thuas cuimsithe sa chás tástála | 2 mharc |
| Tá roinnt de na rudaí thuas cuimsithe sa chás tástála | 1 mharc |

Chás tástála teipthe:

| | |
|---|---|
| Tá na nithe ar fad thuas cuimsithe sa chás tástála | 2 mharc |
| Tá roinnt de na rudaí thuas cuimsithe sa chás tástála | 1 mharc |

(Ná tabhair aon mharc má thugtar an sampla mar chás tástála)

**(c)** **10 marc**

**Cinntí tábhachtacha taobh istigh den algartam agus na torthaí luaite i gceart.**

- **An bhfuil an scoláire sa 6ú bliain -> Tá/ Níl**
- **An bhfuil siblín sa 6ú bliain ag an scoláire. Tá/ Níl**
- **An bhfuil cead tuismitheora ag an scoláire Tá/ Níl**

Cinneadh tábhachtach agus torthaí cuimsithe 2 mharc an ceann (uasmhéid 6)


**Leagan amach an tsúdachóid nó sreabhchairt**

Maith 2 mharc
Réasúnta 1 mharc

**Torthaí**

Gach toradh pléite i gceart 2 mharc
Toradh ar bith pléite i gceart 1 mharc

**<u>Réiteach Samplach</u>**



**Ceist 15** **30 (6, 6, 10, 6) marc**

**(a)** **6 (2, 4) mharc**

**(i)** **2 mharc**

- **Aon fhorbairt thábhachtach sa ríomhaireacht agus teicneolaíocht**

Cur síos maith - tuiscint shoiléir léirithe 2 mharc

**(ii)** **4 mharc**

I gcás gach cúise:

- Cúis mhionsonraithe maidir le cén fáth a bhí an fhorbairt tábhachtach 2 mharc
- Cúis gearr maidir le cén fáth a bhí an fhorbairt tábhachtach 1 mharc

**(b)** **6 mharc**

- **Is éard atá i gceist leis an Idirlíon ná na ceangail idir líonraí agus gléasanna ar fud an domhain. Is féidir le gléasanna cumarsáid a dhéanamh lena chéile tríd na ceangail seo.**
- **Is bailiúchán de shuíomhanna gréasáin é an Gréasán Domhanda. Is bailiúchán de leathanaigh gréasáin é gach suíomh gréasáin. Aithnítear agus is féidir rochtain a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin agus na leathanaigh dá ndéantar iad trí URLanna. Óstáiltear suíomhanna gréasáin ar ríomhairí ar a dtugtar freastalaithe gréasáin. Tá na freastalaithe gréasáin seo ceangailte leis an idirlíon.**
- **Is éard atá i gceist leis an Idirlíon ná na ceangail idir líonraí. Is éard atá i gceist leis an nGréasán Domhanda ná an t-ábhar ar féidir rochtain a dhéanamh air ar an idirlíon.**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith - tuiscint shoiléir léirithe | 6 mharc |
| Míniú maith - faisnéis shoiléir, níl lántuiscint léirithe | 3 mharc |
| Míniú measartha - tuiscint theoranta | 1 mharc |

**(c)** **12 mharc (6, 6)**

**(i)** **6 mharc**

**Gnéithe atá go maith:**

- **Léiriú soiléir ar Éirinn**
- **Roghchlár leagtha amach go néata**
- **Teideal soiléir**

Ceann amháin ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo 3 mharc

**Drochghnéithe:**

- **Níl teaglamaí maithe datha ann**
- **Roinnt téacs an-bheag**
- **Níl barra nascleanúna ann**
- **Drochstruchtúr ag an leathanach**

Ceann amháin ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo 3 mharc

**(ii)** **6 mharc**

- **Leath an t-ábhar ar fud an leathanaigh ghréasáin**
- **Níos mó leanúnachais maidir le méid an téacs.**
- **Úsáid tuilleadh dathanna a thagann le chéile.**
- **Déan an suíomh gréasáin níos inrochtana.**
- **Cuir barra nascleanúna leis a bhfuil naisc aige**
- **Cuir an barra cuardaigh in áit níos lárnaí ar an suíomh.**

Trí cinn ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo 2 mharc an ceann

**(d)** **6 mharc**

- **Úsáid Gaeilge shimplí**
- **Úsáid clófhoirne, cnaipí níos mó**
- **Úsáid teaglamaí maithe datha**
- **Úsáid leabaithe de léitheoir scáileáin**
- **Teidil dhúnta ar fhíseáin**
- **Ceadaigh nascleanúint méarchláir**
- **Ná déan an suíomh gréasáin breac le naisc**
- **Úsáid ceannteidil i gceart agus ullmhaigh an t-ábhar.**
- **Tacaíocht Teanga Náisiúnta.**

Trí cinn ar bith díobh seo thuas nó freagraí atá cosúil leo 2 mharc an ceann

## Roinn C Ríomhchlárúchán 80 marc

**Ceist 16** **50 marc**

**(a)** **50 (5, 10, 5, 5, 5, 10, 10) marc**

**Réiteach féideartha:**

```
# Ceist 16 (a)
# Scrúduimhir:
# Cuireann an t-úsáideoir isteach céadainm
firstName = input("Cad é do chéadainm? ")
surname = input("Cad é do shloinne? ")

print(“Heileo”, firstName, sloinne, “Roghnaigh ón liosta earraí.\n")
# cruthaíonn \n líne nua

#Liosta na n-earraí sa siopa
print("\tEarraí atá ar Fáil")  # cruthaíonn \t táb
print("----------------------")
print("1 = Leabhar")
print("2 = Rialóir")
print("3 = Peann")
print("----------------------")

shoppingItem = int(input("\nCuir isteach uimhir an earra a theastaíonn uait: "))

if shoppingItem == 1:
    print("Cheannaigh tú leabhar")
elif shoppingItem == 2:
    print("Cheannaigh tú rialóir")
elif shoppingItem == 3:
    print("Cheannaigh tú peann")
else:
    print("Rogha neamhbhailí. Slán")
```

**(i)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Déan trácht san áit cheart |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Aon iarracht ar thrácht a chur isteach |

**(ii)** **10 marc (scála A-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil (ag úsáid ordú input amháin nó `print` agus `input`). |
| 7 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm beagnach ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire.<br>Réiteach ceart ach ní thugtar `surname` ar an athróg |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht ar úsáid `input` chun iarracht a dhéanamh sloinne an úsáideora a ghlacadh. |

**(iii)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht a léiríonn eolas teoranta éigean ar ráitis `print`. |

**(iv)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht chun ráitis `print` a chur sna háiteanna cearta. |

**(v)** **5 mharc (scála A-5)**

| | |
|---|---|
| 5 mharc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 3 mharc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 2 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht chun na línte briste a chur leis an liosta. |

**(vi)** **10 marc (scála A-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 7 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. Iarracht chun dhá ráiteas `if` nó `elif` a chur leis chun an tasc a chur i gcrích. |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht chun ráiteas amháin `if` nó `elif` a chur leis chun an tasc a chur i gcrích. |

**(vii)** **10 marc (scála A-10)**

| | |
|---|---|
| 10 marc | **Freagra ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil. |
| 7 marc | **Freagra beagnach ceart**<br>Cur i bhfeidhm ceart ag úsáid an réitigh thuas nó réitigh chomhchosúil ach le mionearráid chomhréire nó shéimeantach. |
| 3 mharc | **Freagra lena ngabhann fiúntas éigin**<br>Iarracht chun ráiteas `else` nó coibhéis a úsáid chun seiceáil earráide a dhéanamh. |

## Scéim Mharcála Mhionsonraithe maidir le hObair Chúrsa Ríomheolaíochta

| *Obair chúrsa (90 marc san iomlán)* | |
|---|---|
| **1. Iniúchadh agus Plean** | ***Marcanna*** |
| • Taighde tosaigh ar chomhthéacs na coimre eolais agus ar na réitigh atá ann cheana.<br>• Réitigh fhéideartha ar an gcoimre eolais a phleanáil agus breac-chuntas a thabhairt orthu; na páirtithe leasmhara agus na húsáideoirí deiridh féideartha a shainaithint; breithniú ar impleachtaí sóisialta agus ar conas a d'fhéadfadh an déantán a bheith ionchuimsitheach do na húsáideoirí go léir; na cuspóirí don déantán a bheidh á fhorbairt agat a bheachtú, a liostú agus cur síos a dhéanamh orthu.<br>• Taighde níos doimhne ar an réiteach a roghnaíodh agus réitigh theicniúla fhéideartha a bhainfidh amach cuspóirí an déantáin. | **20** |
| **2. Dearadh** | |
| • Déantar cur síos soiléir ar conas a chomhlíontar riachtanais an chórais.<br>• Cur síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le conas a leagfar an déantán amach; forléargas ar conas a idirghníomhóidh páirteanna éagsúla den chóras lena chéile agus d'fhéadfaí léaráid d'ailtireacht an chórais nó sreabhchairt chórais, léaráid(í) sreafa sonraí, algartaim nó sreabhchairteacha, samhail de shonraí, sreangshamhlacha, roghnú crua-earraí agus nithe den chineál sin a chur san áireamh ann. | **20** |
| **3. Feidhmiú agus Tástáil** | |
| • Amlíne ghairid de na príomhdhátaí agus na garspriocanna a baineadh amach maidir le forbairt an déantáin.<br>• Déantar cur síos soiléir ar fhorbairt an déantáin agus ar aon fhadhbanna a tháinig chun cinn le linn an phróisis.<br>• Léirítear feidhmiú an chórais go soiléir. Ba cheart an méid sin a léiriú agus úsáid á baint as an bhfíseán agus as téacs tacaíochta más gá.<br>• Léirítear scileanna bunúsacha ríomhchlárúcháin, amhail cur chuige modúlach a úsáid, feidhm á baint as struchtúir sonraí ardleibhéil, algartaim, comhstruchtúir ríomhchlárúcháin, dúbláil íosta ar chód, inléiteacht, úsáid éifeachtach nótaí tráchta agus nithe eile den chineál sin.<br>• Cur síos ar chineál agus ar fhairsinge na tástála a rinneadh a bhféadfadh cásanna tástála/sonraí tábla agus tástála a bheith san áireamh ann; míniú ar thionchar na tástála ar fhorbairt an déantáin. | **40** |
| **4. Measúnú** | |
| • Mínítear chomh mór is a chomhlíonann do dhéantán do chuspóirí dearaidh; cé chomh maith agus a shásaítear riachtanais an úsáideora deiridh shamhlaithe.<br>• Déanann cur síos, le cosaint, ar conas a d'fhéadfaí do dhéantán a mhionathrú agus a fheabhsú. | **10** |
| **Tagairtí agus Achoimre ar líon na bhfocal** | |
| • Ní mór duit tagairtí agus/nó leabharliosta a chur san áireamh freisin.<br>• Cuir isteach achoimre ar líon na bhfocal sa tuairisc, líon iomlán na bhfocal san áireamh. | **0** |

| Grád níos airde | Gnáthghrád | Tagairt Marc | Níos airde Marc | Gnáth Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 81 – 90 | 81 – 90 | 90 |
| 2 | | 72 – 80 | 72 – 80 | 90 |
| 3 | | 63 – 71 | 63 – 71 | 90 |
| 4 | | 54 – 62 | 54 – 62 | 90 |
| 5 | 1 | 45 – 53 | 45 – 53 | 81 – 90 |
| 6 | 2 | 36 – 44 | 36 – 44 | 72 – 80 |
| 7 | 3 | 27 – 35 | 27 – 35 | 63 – 71 |
| 8 | 4 | 23 – 26 | 23 – 26 | 54 – 62 |
| | 5 | 18 – 22 | 18 – 22 | 45 – 53 |
| | 6 | 14 – 17 | 14 – 17 | 36 – 44 |
| | 7 | 9 – 13 | 9 – 13 | 27 – 35 |
| | 8 | 0 – 8 | 0 – 8 | 0 - 26 |

**OBAIR CHÚRSA – coinbhéartú ón marc tagartha go dtí an marc an Ghnáthleibhéil**

Maidir le hiarrthóirí Gnáthleibhéil, faightear an marc deiridh ón marc tagartha mar seo a leanas:

- Más é 54 nó níos mó an marc tagartha is é 90 an marc deiridh.
- Más é 27 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 54, ansin cuir 36 leis an marc tagartha chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 1 ar a laghad é an marc tagartha ach níos lú ná 27, ansin dúbáil an marc tagartha agus cuir 9 leis chun an marc deiridh a fháil.
- Más é 0 an marc tagartha is é 0 an marc deiridh.

| Marc Tagartha | Coinbhéartú |
|---|---|
| 54 nó níos mó | Tabhair 90 marc |
| 27 – 53 | Cuir 36 marc leis |
| 1 - 26 | Déan an marc tagartha a iolrú faoi 2 agus cuir 9 marc leis |
| 0 | 0 |

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN